# AN ROINN OIDEACHAIS

# SIOLLABAS DON

# TEASTAS SÓISEARACH

# STAIDÉAR GNÓ

# AN TEASTAS SÓISEARACH
## Aidhmeanna agus Prionsabail

1. Is é aidhm ghinearálta an oideachais oibriú ar mhaithe ar gach gné den duine aonair a shaothrú. Ar na gnéithe sin áirítear an ghné aestéitiúil, chruthaitheach, léirmheastach, chultúrtha, mhothálach, intleachtúil, mórálta, fhisiceach, pholaitiúil, maraon le fóras spioradálta agus sóisialta le haghaidh a shaoil phearsanta sa teaghlach agus ar láthair na hoibre, agus le haghaidh maireachtála i measc an phobail agus le haghaidh chaitheamh aimsire.

2. Is é aidhm an Teastais Shóisearaigh.

- an t-eolas, an tuiscint; na scileanna agus na hinniúlachtaí a thugann an dalta leis ón mbunscoil a dhaingniú agus a shaothrú a thuilleadh;
- raon agus cineál eispéireas oideachais na ndaltaí, ó thaobh eolais, tuisceanna, scileanna agus inniúlachtaí a leathnú agus a dhoimhniú;
- iontaoibh an dalta as féin, maraon le hiontaoibh sóisialta, cumas tionscnaimh agus inniúlachta, a chothú le cabhair oideachais ghinearálta atá leathan agus meáite;
- an dalta a ullmhú le haghaidh riachtanas cláracha breise staidéir, fostaíochta nó an tsaoil lasmuigh d'oideachas lánaimsearach;
- forás morálta agus spioradálta an dalta a chothú agus cabhrú leis teacht ar thuiscint ar luacha agus ar chreideamh daoine eile maraon le meas a bheith aige orthu;
- na daltaí a ullmhú le haghaidh cúraimí an tsaoránaigh ina dtír féin agus i gComhphobal na hEorpa.

3. Tá na prionsabail seo a leanas mar bhonn le clár an Teastais Shóisearaigh.

- <u>é a bheith leathan agus meáite</u>: ba cheart go dteagmhódh na daltaí le réimse leathan eispéireas oideachais le linn na tréimhse deireanaí dá gcuid scolaíochta éagantaí. Ba cheart cúram faoi leith a dhéanamh de dhaingniú agus de shaothrú scileanna uimhríochta, litearthachta agus labharthachta. Ba cheart treise faoi leith a chur le hoideachas sóisialta agus timpeallachta, le heolaíocht agus le teicneolaíocht agus le nuatheangacha.
  - <u>ábharthacht</u>: ba cheart go ndíreodh an curaclam ar ghar-riachtanais agus ar chianriachtanais an dalta ó thaobh na timpeallachta cultúrtha, eacnamaíche agus sóisialta.
  - <u>fiúntas</u>: ba cheart go n-éilofaí ar gach dalta na céimeanna feabhais is airde is féidir leis a bhaint amach, ag cur infheidhmeacht agus cumas san áireamh, maraon le caighdeáin idirnáisiúnta inchomórtais.

Ba cheart go soláthródh an curaclam réimse leathan eispéireas oideachais i dtimpeallacht a chruthaíonn cothú agus múnlú. Ba cheart go mbainfeadh sé brí astu seo a leanas: an aeistéitic, an chruthaíocht, an eitic, teangeolaíocht, matamaitic, an saol fisiceach, an eolaíocht agus an teicneolaíocht, an saol sóisialta agus polaitiúil, an imshaol agus an saol spioradálta.

4. Cuirtear gach siollabas le haghaidh an Teastais Shóisearaigh i láthair chun go ndéanfaí é a theagasc sa gcomhthéacs curaclaim atá leagtha amach thuas.

# 1. RÉAMHRÁ

## 1.1 Cad is Staidéar Gnó ann?

Is éard é staidéar Gnó ná an chuid sin den churaclam a chuireann ar chumas an mhic léinn cinní eolasacha a dhéanamh maidir leis an ngnáthsaol laethiúl, a chuidíonn leis an mac léinn tuiscint níos fearr a fháil ar shaol an ghnó, a spreagann dearcadh deimhneach maidir le fiontraíocht, agus a fhorbraíonn scileanna cuí sa réimse sin.

Ta cothromaíocht sa siollabas idir an t-oideachas gnó atá riachtanach do réimse an duine aonair agus an teaghlaigh ar thaobh amháin agus oideachas gnó sa chomhthéacs tráchtála amháin ar an taobh eile. Déantar an cothromú seo trí rannóga faoi leith sa siollabas a bheith bainteach le "Gnó na Maireachtála" agus le "Fiontraíocht". Athluaitear agus neartaítear i gceann amháin na coincheapa gnó agus na scileanna a chuirtear i láthair sa cheann eile. Ta rannóg faoi fheasacht eacnamaíoch a sheasann mar dheoichead idir an dá rannóg seo.

Is éard atá sa siollabas ná na príomhthopaicí atá rianaithe thíos. Tá na topaicí sec comhghaolmhar lena chéile, agus chun aidhmeanna an tsiollabais a chur i gcrích tá sé riachtanach go dtuigfí gur gá go mbeadh comhtháthú idir na gnéithe éagsúla seo den Staidéar Gnó.

### 1.1.1 Gnó na maireachtála

Scil thábhachtach bheatha is ea bainistíocht an airgeadais phearsanta, agus ní mór do gach aon duine, idir óg agus aosta, í a chleachtadh. Sa Staidéar Gnó, is féidir cuid mhaith eolais ar ghnó agus a lán de na scileanna a bhaineann leis a mhúineadh trí thagairt a dhéanamh do dhálaí aithnidiúla, cibé acu a mbaineann siad leis an duine féin nó leis an teaghlach.

I measc na dtopaicí a phléitear sa rannóg seo tá: ioncam agus caiteachas pearsanta, oideachas tomhaltóirí, buiséadú, seirbhísí airgeadais don ghnáthdhuine, iasachtaí agus árachas.

Baineann tabhacht lárnach freisin, maidir le gnó na maireachtála, le forbairt scileanna cumarsáide, scríofa agus labhartha, agus leis an scil a ghabhann le taifid a choiméad go héifeachtach, (agus an ról atá aici seo maidir le cinní a dhéanamh).

### 1.1.2 Feasacht eacnamaíoch

Ni feidir le saoránaigh a bheith rannpháirteach go hiomlán sa phróiseas daonlathach gan leibhéal bunata san fheasacht eacnamaíoch a bheith acu. Nil lá nach ndéanann an gnáthdhuine cinní eacnamaíocha, agus ní taisc do ghnólachtaí agus do rialtais. Tá sé ag éirí níos deacra roghanna polaitiúla a dhéanamh in éagmais eolais éigin ar an eacnamaíocht. Tá sé mar aidhm leis an Staidéar Gnó cuidiú le litearthacht eacnamaíoch a chothú i measc na mac léinn chun a chur ar a gcumas páirt a ghlacadh go tuisceanach sa phróiseas daonlathach.

### 1.1.3 Fiontraíocht

Luaitear arís agus treisítear i "bhFiontraíocht" mórán de na coincheapa agus de na scileanna a chuirtear i láthair i "Gnó na Maireachtála". Sa chaoi sin, treoraíonn an siollabas an mac léinn ó na dálaí aithnidiúla pearsanta/teaghlaigh go dtí dálaí tráchtála nach bhfuil oiread sin taithí aige/aici orthu. I measc na dtopaicí a chlúdaitear i "bhFiontraíocht" tá bunú gnó, margaíocht, forchostais ghnó, agus an chuntasaíocht a bhaineann leo, na cuntais deiridh agus an clár comhardaithe san áireamh.

Tá sé mar aidhm ag roinn na cuntasaíochta slacht agus cruinneas mar thréithe a chothú sna mic léinn agus freisin scil na cumarsáide a fhorbairt i bhfoirm uimhriúil. Tá cleachtadh ar shonraí uimhriúla a chnuasach, a thaifeadadh, a phróiseail, agus ar anailís a dhéanamh orthu agus ciall a bhaint astu i gceist anseo.Faigheann na mic léinn eolas ar phrionsabail chuntasaíochta agus ar na heochair-choincheapa sin, cuntasacht agus rialú.

Gné thábhachtach den oideachas gnó is ea an chuntasaíocht, ach níor choir í a mhúineadh 1éi féin, scartha amach ón gcuid eile den siollabas. Ba cheart breathnú uirthi mar shaghas cumarsáide, mar phróiseas chun taifid a choimeád, mar áis fhiúntach le cinní a dhéanamh, ach níor cheart féachaint uirthi mar cheann sprice inti féin.

### 1.1.4 Teicneolaíocht Eolais

Tá an teicneolaíocht nua tagtha chun cinn chomh mór sin gur chóir go bhfaigheadh gach mac léinn taithí ar í a oibriú. Déantar soláthar sa Staidéar Gnó le haghaidh oiliúna bunata luibheanchláir; moltar freisin go n-úsáidfí an scil seo le bogearraí cuí ríomhaire a oibriú. I ngeall ar an gcaoi a bhfuil forleathnú ag dul ar an teicneolaíocht nua-aimseartha, aithnítear go bhfuil dúshlán mór roimh mhic léinn, roimh mhúinteóirí agus roimh scoileanna. Tugann an Staidéar Gnó cúnamh chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán sin nuair a bhíonn bá leis an teicneolaíocht nua-aimseartha i dtimpeallacht na scoile.

## 2. AIDHMEANNA AGUS CUSPOIRÍ

2.1 Aidhmeanna;

2.1.1 Cuidiú le hoideachas ginearálta a bheidh cuí agus cothromaithe a chur ar fáil ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí, ionas go stiúrofar gach mac léinn ina fhorbairt phearsanta agus shóisialta.

2.1.2 Béasa agus modhanna fiosraithe, anailíse agus réitigh fadhbanna fhorbairt i ngach mac léinn ag an leibhéal cuí

2.1.3 Gach mac léinn a chur ar an eolas faoi fhorbairtí teicneolaíochta i dtimpeallacht an ghnó.

2.1.4 Tionscnamh a chothú agus féinmhuinín a fhorbairt i ngach mac léinn.

2.1.5 Leibhéal oiriúnach litearthachta san eacnamaíocht/sa ghnó a sholáthar do gach mac léinn.

2.1.6 Dearcadh deimhneach faoi chruthú agus faoi dháileadh rachmais a chothú i ngach mac léinn.

2.1.7 Bunchloch a sholáthar do na mic léinn a sheolfadh iad faoi dhéin fostaíochta/staidéir bhreise i réimse an ghnó.

2.2 Cuspóiri

2.2.1 Speis i saol an ghnó, agus dearcadh deimhneach ina leith a chothú sna mic léinn agus a chur ar a gcumas eolas agus tuiscint ar ghniomhaíochtai tráchtála a shealbhú agus an buneolas a thabhairt dóibh faoi struchtúir agus faoi fheidhmeanna na n-institiúidí gnó agus faoin ngaolmhaireacht atá eatarthu.

2.2.2 scileanna cumarsáide a fhorbairt sna mic léinn, mar aon le húsáid na teicneolaíochta chun faisnéis agus bearta gnó a thaifeadadh.

2.2.3 É a chur ar chumas na mac léinn na scileanna cumarsáide scríofa agus labhartha a chur i bhfeidhm i ngníomhaíochtaí gnó, agus an stór focal a fhorbairt a bheadh riachtanach chun dul chun cinn níos fade i saol an ghnó.

2.2.4 É a chur ar chumas na mac léinn scil a fhorbairt in uimhearthacht, i slacht agus i gcruinneas maidir le bearta gnó a thaifeadadh, achoimre a dhéanamh orthu sin, agus brí a bhaint as na torthai.

2.2.5 An scil a ghabhann le luibheanchlárú beacht a fhorbairt.

2.2.6 Tuiscint na mac leinn sna teicneolaíochtaí nua eolais a fhorbairt, agus, chomh fada agus is féidir, a chur ar a gcumas scil áisiúil phraiticiúil a shealbhú in úsáid ríomhairí agus teicneolaíochta oifige.

2.2.7 É a chur ar chumas na mac léinn eolas agus scileanna a chomhtháthú ar bhealach a bheadh praiticiúil agus aisiúil agus go háirithe iad a chur i bhfeidhm i ndálaí réadúla gnó nó i ndálaí pearsanta.

2.2.8 Mic léinn a spreagadh chun eolas agus scileanna gnó a chur ngníomh i ngnéithe dá saol féin agus de shaol a dteaghlach a bhfuil baint ag cúrsai tráchtala leo.

2.3 Forbairt Dearcaidh

Cé nach sonraítear dearcadh maidir le gach rannóg ar leith den siollabas, síltear go bhfaighidh na mic léinn misniú deimhneach as an siollabas maidir le:

2.3.1 Dearcadh deimhneach a fhorbairt faoi bhúiseadú, sa chomhthéacs pearsanta, sa chomhthéacs gnó agus sa chomhthéacs náisiúnta.

2.3.2 Feasacht a fhorbairt faoi na forsaí margaidh a bhíonn ag obair sa tsochaí agus aigne idirdhealaitheach a fhorbairt maidir le deileáil leo.

2.3.3 Aigne oscailte a fhorbairt maidir leis na tuairimí éagsú1a a nochtar i gcaidreamh tionsclaioch agus léirthuiscint a fháil orthu.

2.3.4 Tuiscint a fhorbairt ar an tábhacht a bhaineann le cuntais mar mhean cumarsáide agus muinín a fhorbairt maidir le cuntais a léamh.

2.3.5 Dearcadh deimhneach a fhorbairt maidir le gnó-eagraithe, maidir le brabús, agus maidir le cruthú agus daileadh rachmais.

2.3.6 Féinmhuinín a fhorbairt maidir le déileáil trí chaint nó i scribhinn le forais airgeadais.

2.3.7 Dearcadh deimhneach a fhorbairt maidir lenar margadh onnmhairithe, agus maidir le sealbhú scileanna i dteangacha iasachta, mar thoradh ar an dearcadh sin.

2.3.8 Feasacht a fhorbairt faoi ró1 tábhachtach an stáit i gcúrsaí eacnamaíochta agus faoi na slite ina leireófaí an ról sin.

2.3.9 Tuiscint a fháil ar an tábhacht a ghabhann le bunlitearthacht eacnamaíoch a shealbhú d'fhonn go ndéanfaí roghanna eolasacha polaitiúla.

2.3.10 Dearcadh deimhneach a fhorbairt faoi fhorbairt t theicneolaíoch i saol an teaghlaigh, an ghnó agus na tionsclaíochta.

## 3. STRUCHTÚR AGUS INNEACHAR AN tSIOLLABAIS

### 3.1 Eolas agus scileanna

Tugtar tuirisc ar gach rannóg den siollabas i réamhabairt. Ansin cuirtear na heochair-choincheapa agus an t-eolas i láthair. Ina dhiaidh sin, déantar liosta de na scileanna ar chóir iad a bheith ag an mac léinn nuair a bheadh an rannóg sin den siollabas críochnaithe. Déanfar measúnú ar an mac léinn maidir leis na scileanna agus maidir leis an réim eolais.

### 3.2 Comhtháthú

Ba chóir gach iarracht a dhéanamh i rith an chúrsa ar an siollabas a chur i láthair ar bhealach comhtháite; ba chóir an tseanteorainn idir Modhanna Gnó agus Leabharchoimeád a sheachaint.

### 3.3 Staidéar Gnó agus Matamaitic

Tá sé riachtanach do mhic léinn roinnt scileanna Matamaitice a bheith acu; cuid de shiollabas an staidéir Ghnó is ea na scileanna seo. Den chuid is mó de, nuair a bheidh na scileanna seo a muineadh, déanfar treisiú ar na scileanna a fhaightear sna ranganna Matamatice.

### 3.4 Staidéar Gnó agus Teanga

Is cuid dhílis den chúrsa Staidéir Ghnó iad na scileanna cumarsáide atá sonraithe sa siollabas. I roinnt casanna, treiseofar na scileanna a shealbhófar sa rang teanga; i gcasanna eile caithfear iad a fhoghlaim ab initio. Do chuid mhaith mac léinn beidh nuacht iomlán ag baint leis an stór focal a ghabhann le codanna den chúrsa; beidh am sa bhreis ag teastáil, go háirithe ó na mic léinn is laige, chun eolas maith a fháil ar an teanga nua".

### 3.5 Staidéar Gnó agus Teicneolaíocht

Ba cheart staidéar a dhéanamh ar an gceangal ata idir staidéar Gnó agus teicneolaíocht maidir leis an úsáid a bhainfí as teicneolaíochtaí eolais sa Staidéar Gnó, agus maidir leis an gcabhair a d'fhéadfadh an Staidéar Gnó a thabhairt sna réimsí is leithne den oideachas teicneolaíoch mar shampla, margaíocht, costáil, agus eagrú sóisialta agus eacnamaíoch.

### 3.6 Eolas a chur i lathair tri aiseanna amhairc.

Nuair atá sonraí a gcur i láthair ba chóir béim a leagan ar na modhanna éagsúla len ar féidir iad a chur ar taispeáint, m.sh. trí úsáid a bhaint as cairt, graf, tábla, léaráid nó pictiúr.

### 3.7 Leibhéil

Measúnófar ag an Ardleibhéal amháin na rannóga den siollabas a bhfuil réiltíní leo.

## RANNÓG A hAON: GNÓ NA MAIREACHTÁLA

Buiséadú

Cuirtear mic léinn ar an eolas faoi mheaitseáil ioncaim agus caiteachais.

Ioncam

- Foinsí, tráthrialta agus foinsí breise
- Asbhaintí reachtúla agus sochair a leanann iad; asbhaintí eile.
- Pá comhlán agus pá glan
- Sochar comhchineáil
- Cuntas airgid

Tar éis dóibh an rannóg seo a chríochnú, ba chóir go mbeadh mic léinn ábalta na nithe seo a leanas a dhéanamh, as sonraí a thabharfaí dóibh:

- Foinsí ioncaim a aithint
- Ioncam a mheas nó a áireamh
- Brí a bhaint as duillín pá
- Ioncam a chomhdú agus a thaifeadadh

Caiteachas

- Caiteachas seasta, neamhrialta, roghnach
- Caiteachas seachtainiúil, miosúil, bliantúil
- Deischostas
- Taghdcheannach
- Ganntanas agus rogha
- Cuntais mhiondealaithe airgid

Tar éis dóibh an rannóg sea a chríochnú, ba chóir go mbeadh mic léinn ábalta na nithe seo a leanas a dhéanamh, as sonraí a thabharfaí dóibh:

- Liosta a dheanamh de na príomh-mhíreanna caiteachais teaghlaigh
- Caiteachas a rangú faoi cheannteidil oiriúnacha
- Meastúcháin shimplí caiteachais a ullmhú
- Cuntais mhiondealaithe teaghlaigh a ullmhú
- Nótaí seachadta, sonraisc, billí a sheiceáil
- Caiteachas a chomhdú agus a thaifeadadh

An Buiséad

- Buiséad pearsanta / teaghlaigh
- Buiséad a phleanáil
- Farasbarr / Easnamh
- Coigilteas a phleanáil
- Caitheamh caipitiúil; caitheamh reatha
- Fabhruithe, e.g. BSL

Tar éis dóibh an rannóg seo a chríochnú, ba chóir go mbeadh mic léinn ábalta na nithe seo a leanas a dhéanamh, as sonraí a thabharfaí dóibh:

- Ioncam agus caiteachas a thabhairt le chéile
- Ord tosaíochta a leagan síos don chaiteachas
- Barrainneachtaí breige a thabhairt faoi deara
- Gannchionn ioncaim a thabhairt faoi deara
- Buiséad teaghlaigh/pearsanta a ullmhú
- Anailís ghrinn a dhéanamh ar chaitheamh teaghlaigh/pearsanta
- Ioncam agus caiteachas a rangú agus a thaifeadadh
- An buiséad a chur i gcomparáid leis an bhfiorchaiteachas

Oideachas do Thomhaltóirí

Cuirtear in aithne do na mic léinn an coincheap a bhaineann le bheith i do thomhaltóir maith, chomh maith le cearta aqus cosaint an tomhaltóra.

An Tomhaltóir

- An tomhaltoir eolasach
- Fáthanna atá leis an gcosaint
- Gníomhaireachtaí atá i gceist
- Reachtaíocht (buneolas)
- Nós imeachta maidir le sásamh
- Litir ghnó a scríobh
- Earrai/seirbhísí a ordú; admhalacha, nótaí sochair.

Tar éis dóibh an rannóog seo a chríochnú, ba chóir go mbeadh mic léinn ábalta na nithe seo leanas a dhéanamh, as sonraí a thabharfaí dóibh:

- Cúiseanna gearáin a aithint
- An dlí a chur i bhfeidhm
- Gearán a chur i láthair trí labhairt nó scríobh
- Mionsonraí a chomhdú agus a thaifeadadh
- Taighde simplí a dhéanamh maidir le tairgí tomhaltóirí.

Seirbhísí Airgeadais don Tomhaltóir

Tugtar buneolas do mhic leinn futhu seo: airgead, seirbhisi baincéireachta; iasachtaí pearsanta, coigilteas agus árachas.

Airgead agus Baincéireacht

- Cinealácha airgid
- Deiseanna chun airgead a aistriú
- An úsáid a bhaintear. as seic-chárta; cárta creidmheasa; Eoraiseiceanna; seiceanna taistil; dáileoir airgid; "Paypath"
- Tosca a ghabhann le gníomhaireacht a roghnú (aistriu airgid agus coigilteas) astu seo a leanas:

  An post, cumainn chreidmheasa, cumainn fhoirgníochta, bainc thráchtála.

Tar éis dóibh an rannóg seo a chriochnú, ba chóir go mbeadh mic léinn ábalta na nithe seo a leanas a dhéanamh, as sonraí a thabharfaí dóibh;

- Saghsanna éagsúla airgid a aithint cuntas a oscailt agus a oibriú
- Bealach íocaíochta a mholadh
- Seic a lionadh
- Brí a bhaint as ráiteas
- Sonraí a chomhdú agus a thaifeadadh
- Seic a chrosáil ar mhodh oiriúnach
- A thaispeáint conas seic a dhéanamh soshannta
- Institiúid oiriúnach airgeadais a mholadh
- Raiteas réitigh bainc a ullmhú
- Ús ar thaiscí a ríomh

Iasachtaí a fháil

- Airgead tirim i gcomparáid le cairde
- Bheith i do fheichiúnaí
- Nadúr agus cuspóir an riachtanais airgeadais.
- Gníomhaireachtaí a thugann iasachtaí, iasachtóirí ceadúnaithe san áireamh
- Rátaí úis
- Comhthaobhacht
- Fruilcheannach agus ligean ar cíos
- An t-iascachtaí mar thomhaltóir
- Féimheacht

Tar éis dóibh an rannóg seo a chríochnú, ba chóir go mbeadh mic léinn ábalta na nithe seo a leanas a dhéanamh, as sonraí a thabharfaí dóibh:

- Airgead tirim a chur i gcomparáid le costas iomlán na hiasachta
- Foinse oiriúnach creidhmheasa a roghnú
- Iarratas ar iasacht a chur i láthair i scribhinn nó ó bhéal
- Costas na hiasachta a ríomh agus a chur i gcomparáid
- Comparáid a dhéanamh idir fíor-ráta agus lom-ráta úis
- Comparáid a dhéanamh idir cíos, ceannach agus fruilcheannach
- Cearta an iasachtaí a aithint
- Buiséadú do chostas na hiasachta
- Sonraí a chomhdú agus a thaifeadadh

Arachas

- Gá le leordhóthain árachais
- Fiontair inárachais agus neamh-inárachais
- An bunús atá le hárachas
- Pearsanta
- Saoil
- Gluaisteáin
- Uile-fhiontar
- Foirm thogra

- Préimh
- Éileamh
- Cúiteamh
- Foráil chaillroinnte

Tar éis dóibh an rannóg sec a chríochnú, ba chóir go mbeadh mic léinn ábalta na nithe seo 1eanas a dhéanamh, as sonraí a thabharfaí dóibh:

- Riachtanais árachais a aithint
- Costas a mheas
- Tionchar an fhiontair ar an bpréimh a aithint
- Méid an chúitimh a mheas (foráil chaillroinnte san áireamh)
- Préimh a ríomh
- Téarmaí a úsáidtear a mhíniú
- Foirm thogra nó foirm éilimh a líonadh

## RANNÓG A DÓ: FEASACHT EACNAMAÍOCH

An Gnó Náisiúnta

Cuirtear an mac léinn ar an eolas faoi choincheapa bunata eacnamaíooha agus faoin timpeallacht eacnamaíoch ina bhfuil sé/sí ag maireachtáil.

Frámaíocht Eacnamaíoch

- Cad is ciall le Eacnamaíocht?
- Rogha, ganntanas, acmhainní teoranta
- An aidhm atá leis an gcóras eacnamaíoch
- An ráta boilscithe
- Foras eacnamaíoch

Buiséadú

- An Buiséad Náisiúnta (creatlach)
- Caiteachas - buneolas faoi na priomhsheirbhísí a chuireann an stát ar fáil agus tagairt ar leith do na fóntais phoiblí
- Ioncam - príomhfhoinsí
- Easnamh/farasbarr

Trádáil

- Allmhairí agus onnmhairí
- Tábhacht na trádála
- Príomhshaghsanna earraí a dhíoltar agus a cheannaítear
- Cad as a dtagann allmhairí; ca dteann onnmhairí?
- Airgead reatha iasachta agus rátaí malairte
- Comhardú trádála-creatlach shimplí *
- Comhardú iocaíochtaí - creatlach shimplí *

Tar éis dóibh an rannóg seo a chríochnú, ba chóir go mbeadh mic léinn ábalta na nithe seo a leanas a dhéanamh, as sonraí a thabharfaí dóibh:

- Buiséad simplí a dhreachtú
- Farasbarr nó easnamh a aithint
- Foinsí allmhairí agus cinn sprice onnmhairí na hEireann a aithint ar an léarscáil
- Ballstáit an CE, a dteangacha agus a n-airgead reatha a aithint
- Airgead reatha na bpríomh- mhargaí eile a aithint
- Airgeadra amháin a aistriú go dti airgeadra eile

Cúlra Gnó

Tugtar buneolas don mhac léinn ar chúlra ginearálta agus struchtúr an ghnó go náisiúnta, agus ar na seirbhísí tráchtála atá ar fáil do chursaí gnó.

Cineálacha Gnó

- Tradálaí aonair
- Cuideachta theoranta phríobháideach
- Comharchumann
- Úinéireacht Stáit

An Chuideachta Phríobháideach

- Nós imeachta faoi bhunú (creatlach)
- Corprú
- Fiachas teoranta

Tar éis dóibh an rannóg seo a chríochnú, ba chóir go mbeadh mic léinn ábalta na nithe seo leanas a dhéanamh, as sonraí a thabharfaí dóibh:

- Saghsanna úinéireachta a aithint
- Moladh a dhéanamh faoi shaghsanna úinéireachta

Ba choir freisin go mbeadh mic leinn abalta taighde agus comparaid a dheanamh maidir le saghsanna úinéireachta ina gceantar.

Seirbhísí do Chúrsaí Gnó *

Tugtar buneolas do mhac léinn faoir sheirbhísí atá ar fail do ghnótaí. Sa rannóg seo freisin, tosaítear ag tabhairt eolais go neamhfhoirmiúil faoin gclár comhardaithe.

Airgeadas

- Institiúidí Airgeadais
- Sreabhadh airgeadra
- Cineálacha airgeadais
- Costais coimheasacha airgeadais
- Tabhacht urrúis / comhthaobhachta
- Cuibheas / oiriúnacht airgeadais

Bainc Thráchtála

- Seirbhisí airgeadais
- Áiseanna chun airgead a aistriú
- Nós imeachta faoi chuntais a oscailt
- Cuntais a oibriu

Árachas

- Gá le harachas
- Cineálacha tábhachtacha árachais

Cumarsáid

- Inmheánach / Sheachtrach
- Forbairtí nua-aimseartha
- Telecom

Tar éis dóibh an rannóg seo a chriochnú, ba chóir go mbeadh mic léinn ábalta na nithe seo leanas a dhéanamh, as sonraí a thabharfaí dóibh:

- Plean simplí gno a ullmhú ina mbeidh –
  sreabhadh airgid
  costáil
  sainaithint margaí

- Foinsí oiriúnacha airgeadais a aithint
- Iarratas ar iasacht a ullmhú agus a chur i láthair (i scríbhinn agus ó bhéal)
- Costas iasachta a ríomh
- Costais airgeadais a chur i gcóimheas
- Riachtanais árachais a aithint
- Foirm chumarsáide a mholadh
- Sonraí riachtanacha a thaifeadadh

I mBun Oibre
Tugtar buneolas don mhac léinn faoin slabhra tairgeachta agus faoi na daoine a oibríonn sa slabhra, caidreamh tionsclaíoch san áireamh.

An slabhra táirgeachta

- Tairgeacht phríomhúil
- Deantúsaíocht / próiseáil
- Tionscal na seirbhísí
- Bealaí imdháilte
- Forbairtí nua-aimseartha sa mhiondíol

Daoine i mbun Oibre

- Fostaíocht
- Obair i gcomparáid le fostaíocht

- Nádúr agus fairsinge na fostaíochta
- Féinfhostaíocht, rioscaí agus luach saothair
- Eagar na láithreach oibre
- Saghsanna jabanna,agus scileanna oibre
- Buneolas faoi chearta agus freagrachtaí an fhostaí

Bheith mar fhostóir

- Buneolas faoi chearta agus freagrachtaí
- Nós imeachta faoi fhoireann a fhostú
- Pá comhlán; amrátaí agus tascrátaí; coimisiún; ragobair
- Pá glan; saghsanna asbhaintí reachtúla agus fathanna leo
- Tábhacht a bhaineann le taifid fostaithe

Caidreamh tionsclaíoch

- Na nithe seo a leanas a bheith i reamheolas simplí
- Ról na gCeardchumann
- Ról na Bainistíochta
- Easaontas
- Réiteach ar easaontas le cabhair on triú páirtí, m.sh. idir-réiteach, eadráin, An Chúirt Oibreachais.

Tar éis dóibh an rannóg seo a chríochnú, ba chóir go mbeadh mic léinn abalta na nithe seo a leanas a dhéanamh, as sonraí a thabharfaí dóibh:

- Aonaid éagsúla sa slabhra tairgeachta a aithint
- Idirdhealú a dhéanamh idir saghsanna éagsú1a miondíola
- Ainmneacha oiriúnacha a chur ar jabanna
- Cairt shimplí eagrais a dhreachtú do ghnó
- Bille pá comhlán a ríomh do ghnó beag
- Duillín pá a dhéanamh amach
- Na céimeanna a aithint a ghabhann le haighneas tionsclaíoch a réiteach

Ba chóir freisin go mbeadh mic léinn in ann tionscadail chuí a thabhairt chun críche, ina mbeadh suirbheanna simplí sa cheantar áitiúil.

## RANNÓG A TRÍ: FIONTRAÍOCHT (i)

An tAonad Gnó

Tugtar buneolas don mhac léinn ar an gcaoi a n-oibrítear cuntasaíocht fhoirmiúil débhreactha, ag tosú le cuideachta theoranta phríobháideach.

- Cuideachta theoranta phríobháideach
- Nós imeachta faoi bhunú *
- Corprú *
- Dliteanas teoranta,
- Téarmaí a húsáidtear:
  caipiteal

gnath-scairchaipiteal
caipiteal ó iasacht

- An aidhm atá le taifeadadh agus comhdu airgeadais
- Socmhainni agus fiachais, seasta agus reatha
- An clar comhardaithe
- An morleabhar a oibriú
- Cuntais shimplí rialúcháin *
- Cruinneas a sheiceáil
- Comhardú trialach
- An aidhm atá le comhardú trialach

Tar éis dóibh an rannóg seo a chriochnú, ba chóir go mbeadh mic léinn ábalta:

- Idirdhealú a dhéanamh idir sócmhainní agus fiachais
- Clár comhardaithe simplí cuideachta a dhéanamh amach
- Taifeadadh a dhéanamh ar athruithe i sócmhainní agus fiachais trí chuntais mhórleabhair *
- Ciall a bhaint as iontráil i mórleabhar *
- Comhardú trialach a bhaint amach

Margaíocht agus Imdhaileadh

Tugtar buneolas don mhac léinn mar gheall ar thaighde simplí margaidh, margadh a shainaithint, earraí a dhíol; agus a cheannach agus conas an brabús (no caillteanas!) comhlán a oibriú amach.

Margaíocht

- Saghsanna margaí
- Taighde Margaidh - treorú isteach
- Forbairt táirge
- Fograíocht
- Cur ar aghaidh tionscnaimh agus caidreamh poiblí
- Teicníochtai diolachain:
  usáid brandaí
  tairiscintí speisialta
  treoirearraí  cailliúna
- Margaí onnmhairíochta /ionadú d'allmhairí

Tar éis dóibh an rannóg seo a chriochnú, ba chóir go mbeadh mic lénn ábalta:

- Margaí inaimsithe a aithint as sonraí a thabharfaí dóibh.
- Moltaí a dhéanamh faoi fhoinsí oiriúnacha faisneise faoin margadh
- Tionscadail shimplí taighde a dhéanamh faoi mhargaí agus margaíocht
- Modh oiriúnach a roghnú chun tairge nó seirbhís a chur chun cinn as sonraí a thabharfaí dóibh

Córáis Sheachadta

- Tábhacht an iompair i slabhra an imdháilithe
- Forbairtí nua-aimseartha i gcórais sheachadta
- Tosca a théann i bhfeidhm ar roghnú córas seachadta

Tar éis dóibh an rannóg seo a chriochnú, ba chóir go mbeadh mic léinn ábalta na nithe seo a leanas a dhéanamh, as sonraí a thabharfaí dóibh:

- Córas oiriúnach seachadta a roghnú, agus fáthanna a lua
- Amanna seachadta a ríomh
- Costas seachadta a ríomh

<u>Ceannachán agus Díolachan</u>

- Ceannach éifeachtach
- Foinsí soláthair
- Cain Bhreisluacha
- Téarmaí simplí tradála
- Doiciméid a úsáidtear sa cheannach
- Rialú stoic *
- Airgeadas le haghaidh ceannaigh
- Modh íocaíochta

- Nós imeachta díolacháin ón am a fhaightear an t-ordú
- Seiceáil ar acmhainneacht creidmheasa na gcustaiméirí
- Rialú stoic *
- Módh íocaíochta

- Rialú ríomhairithe stoic

Tar éis dóibh an rannóg seo a chríochnú, ba chóir go mbeadh mic léinn abalta:

- Na doiciméid seo a leanas a dhéanamh amach agus a thuiscint
  (Cáin Bhreisluacha san áireamh)

  - litir fhiosraithe
  - luachan
  - foirm ordaithe
  - sonrasc
  - nótaí sochair/dochair
  - duillín seachadta
  - ráiteas ar chuntas

- Doicimeid a chomhdu
- Sonraí  a thaifeadadh i gcuntais as doicimeid fhoinse
- Freagra ar fhiosruithe a cheapadh - dul siar ar bheart gnó go dti a thús trí dhoiciméid agus cuntais *
- Uasmharcáil agus corrlach a ríomh *

<u>An Cúntas Trádála</u>

- An aidhm ata leis an gcúntas trádála
- An tréimhse tradála
- Díolachán glan / ceannachán glan

- stoc trádála agus stoc neamhthrádála
- stocáireamh *

    cuspóir
    nós imeachta
    luacháil stoic

Tar éis dóibh an rannóg seo a chríochnú, ba chóir go mbeadh mic léinn ábalta:

- Tuarascálacha (simplí) oiriúnacha a chur i láthair faoi stoc agus stocáireamh *
- Stoc a thaifeadadh sna cuntais
- Stoc ag deireadh a ríomh as na cuntais *
- An cuntas trádála a oibriú de réir nósanna an débhreactha *
- Cuntas trádála a ullmhú as sonraí a thabharfaí dóibh
- Brí a bhaint as faisneis a chuirfí i láthair i gcúntas trádála *
- Brabús comhlán a ríomh mar cheatadán

FIONTRAÍOCHT (ii)

Brabús no Caillteanas Glan

Ta an mac léinn ag plé anois leis na príomh-fhorchostais a thagann i gceist i ngnó, a sholathraíonn mireanna chun an cuntas brabúis agus caillteanais a ullmhú

Forchostais ghnó

Cineálacha Forchostas:
soilsiú agus téamh
cíos agus rátaí
árachas
ús ar iasacht
fógraíocht
teileafón

Monatóireacht ar fhorchostais*

Tar éis dóibh an rannóg seo a chríochnú ba chóir go mbeadh mic léinn ábalta:

- Forchostais a thaifeadadh sna cuntais
- Sonraisc, ráitis, duillíní airgid, agus dearbháin a sheiceáil
- Leabhair airgid mhiondealaithe a rangú agus a choimeád ar siúl
- Comhardú trialach a thógáil amach

An cuntas brabúis agus caillteanais

- An aidhm ata leis an gcuntas brabúis agus caillteanais
- Idirdhealú idir an cuntas brabúis agus caillteanais agus an cuntas trádála
- caiteachas caipitiúil agus caiteachas ioncaim *
- Costais díola
- Brabús / caillteanas glan

Tar éis dóibh an rannóg seo a chrlochnú, ba chóir go mbeadh mic léinn ábalta:

- Cuntas brabúis agus caillteanais a ionramháil de réir nósanna an débhreactha *
- Cuntas brabúis agus caillteanais a ullmhú as sonraí a thabharfaí dóibh
- Brí a bhaint as sonraí a chuirfí i lathair i bhfoirm chuntas brabúis agus caillteanais *
- An brabús glan a ríomh mar cheatadán

An cuntas leithghabhála brabúis agus caillteanais

- An aidhm atá leis an gcuntas leithghabhála brabúis agus caillteanais
- Díbhinn gnáthscaireanna
- Tuillimh choinnithe

Tar éis dóibh an rannóg seo a chriochnú, ba chóir go mbeadh na mic léinn ábalta:

- Díbhinní a ríomh as sonraí a thabharfaí dóibh *
- Cuntas leithghabhála brabúis agus caillteanais a ullmhú
- Ciall a bhaint as sonraí a chuirfí i láthair i gcuntas leithghabhála brabúis agus caillteanais *

An Clár Comhardaithe

Nuair atá an clár comhardaithe á ullmhú, tugtar deis don mhac léinn na nithe seo a leanas a athbhreithniú: an comhardú trialach, cuntais shimplí rialaithe, cuntais deiridh agus an fheidhm atá ag gach ceann díobh:

- An comhardú trialach, - aisiúlacht agus teorainneacha *
- Feidhm a bhíonn ag cuntais rialaithe *
- An clár comhardaithe, - leagan amach nua-aimsire
- An cuspóir a bhíonn le fo-ranna sa chlár comhardaithe
- Caipiteal oibre, caipiteal in úsáid

Tar éis dóibh an rannóg seo a chrlochnú, ba chóir go mbeadh mic léinn ábalta:

- Cuntais deiridh a ullmhú le sonraí a thabharfaí dóibh, in éineacht leis an gclár comhardaithe
- Brí a bhaint as faisnéis a chuirfí i láthair i bhfoirm chláir chomhardaithe

Coigeartú *

Eolas faoi na coigeartuithe seo a leanas:

réamhíocaíochtaí, fabhruithe
drochfhiacha
dimheas (líne dhireach amhain)
stoic

- Nós imeachta chun déileáil le coigeartuithe cuntas

Tar éis dóibh an rannóg seo a chríochnú, ba chóir go mbeadh mic léinn ábalta:

- Coigeartuithe a ríomh
- Dímheas a ríomh, agus an líne dhíreach á húsáid mar mhodh
- Coigeartuithe i gcuntais a thaifeadadh

Tuairisciú faoi chuntais *

Tar éis ullmhú na gcuntas deiridh a bheith críochnaithe tugtar buneolas anois don mhac léinn faoi anailís a dhéanamh ar an eolas seo agus faoi thuarascálacha a chur i dtoll a chéile mar gheall air.

Measúnú a dhéanamh ar an ngnó - a staid airgeadais agus a inmharthanacht

- Róthrádáil
- Brabúsacht, cóimheasanna brabúsachta
- Leachtacht, cóimheasanna leachtachta
- Sócmhainneacht
- Treorainneacha na gcuntas deiridh maidir le measúnú gnó

Tar éis dóibh an rannóg seo a chríochnú, ba chóir go mbeadh mic léinn ábalta:

- Brí a bhaint as na cuntais deiridh agus comparáid a dhéanamh
- Brí a bhaint as cóimheasanna agus comparáid a dhéanamh
- Coimheasanna a bhaineann le hábhar a roghnú agus a ríomh
- Tuarascáil (i bhfoirm shimplí) faoi na cuntais deiridh agus an clár comhardaithe a dhéanamh amach mar aon le moltaí bailí

Cuntais chlubanna

- An aidhm a bhíonn le taifeadadh agus comhdú airgeadais
- An ról a bhíonn ag cisteoir an chlub
- Cuntas fáltas agus iocaíochtaí
- Cuntas ioncaim agus caiteachais
- Tuarascáil an chisteora:
  - aidhm
  - leagan amach

Tar éis dóibh an rannóg seo a chríochnú, ba chóir go mbeadh mic léinn ábalta na nithe seo a leanas a dhéanamh, as sonraí a thabharfaí dóibh:
- Cuntas fáltas agus iocaíochtaí miondealaithe a ullmhú
- Cuntas ioncaim agus caiteachais a ullmhú (ina mbeadh coigeartú le déanamh *
- Clár comhardaithe a ullmhú
- Tuarascail shimplí cisteora a chur i láthair

Cuntais Feirme

- An aidhm atá le cuntais feirme
- Cuntais mhiondealaithe feirme a úsáid

Tar éis dóibh an rannóg seo a chríochnú, ba chóir go mbeadh mic léinn ábalta:

- Cuntais shimplí a ullmhú as sonraí a thabharfaí dóibh

- Tuarascáil shimplí faoi chuntais feirme a ullmhú

Gnólachtaí seirbhíse

- Cuntais mhiondealaithe airgid
- Cuntais deiridh do ghnólacht seirbhíse

Tar éis dóibh an rannóg seo a chríochnú, ba chóir go mbeadh mic léinn ábalta:

- Cuntais mhiondealaithe airgid a ullmhú as sonraí a thabharfaí dóibh
- Cuntais deiridh a ullmhú as sonraí a thabharfaí dóibh, mar aon le clár comhardaithe

Cuntais mhórleabhair a chur i láthair *

- T chuntas agus cur i láthair leanúnach

Tar éis dóibh an rannóg seo a chríochní, ba chóir go mbeadh mic léinn ábalta:

- Cuntais a athrú ó T chuntais go cuntais leanúnacha agus vice-versa
- Cuntais a ullmhú trí chur i láthair leanúnach a úsaid

## RANNÓG A CEATHAIR: TEICNEOLAÍOCHT EOLAIS

Cé go bhfuil an teicneolaíocht eolais ina cuid den siollabas faoí cheannteideal ar leith, táthar ag súil go dtabharfar eolas maith do na mic léinn fúithi le linn an chúrsa go léir agus go bhfaighidh siad taithí ar í a oibriú.

Ba cheart go bhfaigheadh mic léinn oiliúint i dteicníochtaí cearta luibheanchláraithe, agus béim á chur ar chruinneas.

Teicneolaíocht nua-aimseartha eolais

Sonrai a storail, a aisghabháil agus a tharchur

- A n-usaid:
  i ngnó
  i gcumarsáid
  i dteaghlaigh
  i mbainc

- Leagan amach an luibheanchláir
- Úsáid cheart a bhaint as an luibheanchlár
- Teicníochtaí a bhaineann le léamh profaí
- Féinmheastóireacht ar na scileanna luibheanchláraithe

Tar éis dóibh an cúrsa a chríochnú, ba chóir go mbeadh mic léinn ábalta:

- Codanna an mheaisín a aithint
- An luibheanchlár a úsáid go héifeachtach agus go cruinn [0]
- Córas cuntas ríomhairithe a oibriú go héifeachtach [0]

---

° cuirfidh na nósanna imeachta measúnaithe san áireamh go bhfuil an seans ann nach bhfuil teacht ag gach mac léinn ar an trealamh a bhíonn ag teastail chun na codanna praiticiúla den rannóg seo a chríochnú.

4. MEASÚNÚ

4.1 Measúnófar Staidéar Gnó ar dhá leibhéal, Gnáthleibheal agus Ardleibhéal.

Ag an dá leibhéal sin, déanfar an measúnú trí scrúdú scríofa deireadh cúrsa.
Deanfar soláthar le haghaidh measúnaithe seoilbhunaithe mar chuid roghnach do na scoileanna sin ar mian leo an rogha sin a dhéanamh.
Beidh baint ag leagan amach na báipéar scrúdaithe agus ag na cineálacha ceisteanna leis na cuspóirí
measúnaithe atá leagtha síos sa siollabas seo.
Cuirfidh na nósanna imeachta measúnaithe san áireamh go bhfeadfadh sé tarlú nach mbeadh fáil ag gach mac léinn ar an trealamh a bheadh riachtanach chun na codanna praiticiúla den rannóg faoin teicneolaíocht eolais a chríochnú.

4.2 Cuspóiri Measúnaithe, - Ardleibhéal

Tar éis dóibh an siollabas a chríochnú, ba chóir go mbeadh mic léinn ábalta:

4.2.1 Eolas ar a bhfuil sa siollabas a thabhairt chun athchuimhne.
4.2.2 A thaispeáint go bhfuil siad ábalta an t-eolas seo a chur i ngníomh i ndálaí áirithe.
4.2.3 A thaispeáint go dtuigeann siad an téarmaíocht agus an stór focal atá lárnach sa siollabas.
4.2.4 Bunleibhéal scileanna uimhearthachta a léiriú i ríomhaireacht a bheidh bunaithe ar phrionsabail thráchtála.
4.2.5 Sonraí i bhfoirmeacha eagsúla a mhiniú, a thuiscint agus a léiriú.
4.2.6 Leibhéal oiriúnach de scileanna cumarsáide a léiriú maidir le gnó laethúil a ionramháil.
4.2.7 Prionsabail chuntasaíochta a chur i bhfeidhm chun fadhbanna a thabharfaí dóibh a réiteach.
4.2.8 Sonraí a thabharfaí dóibh a thuiscint agus a anailisiú d'fhonn:

- na torthaí a thuar is cosúla a thiocfadh as dálaí áirithe
- gníomhartha cuí a mholadh breitheanna meastóireachta a dhéanamh

4.2.9 Cumas a léiriú ar luibheanchlár a úsáid go héifeachtach agus go cruinn.
4.2.10 Leibhéal oiriúnach de scileanna taighde a léiriú maidir le tascanna simplí a chur i gcrích.

4.3 Cuspóirí measúnaithe - Gnáthleibhéal

Tar éis dóibh an siollabas a chriochnú, ba chóir go mbeadh mic léinn ába1ta:

4.3.1 Eolas faoi chodanna áirithe a shainítear sa siollabas a thabhairt chun athchuimhne, i bhfoclaíocht shimplí.
4.3.2 A thaispeáint go bhfuil siad in ann an t-eolas sin a chur i ngníomh i ndálaí áirithe.
4.3.3 A thaispeáint go bhfuil eolas maith acu ar an tearmaíocht agus an stór focal riachtanach atá lárnach do réimsí áirithe den siollabas.
4.3.4 Bunleibhéal scileanna uimhearthachta a léiriú i ríomhaireachtaí a bheidh bunaithe ar phrionsabail thráchtála.
4.3.5 Sonraí simplí a léiriú agus a mhiniú i bhfoirmeacha eagsúla ina n-aireofaí pictiúir, cuntas, uimhreacha, scribhneóireacht agus léaráid.
4.3.6 Scileanna simplí cumarsáide a thaispeáint maidir le déileáil le riachtanais réimsí áirithe den siollabas.
4.3.7 prionsabail chuntasaíochta a chur i bhfeidhm chun fadhbanna áirithe i réimsí faoi leith a réiteach.

Sa mheasúnú a dhéanfar ar mhic léinn Gnáthleibhéil, díreofar aire go príomha ar a gcumas chun cuntais faltas agus iocaíochtaí a oibriú mar aon le miondealú cuí. Is ag an Ardleibhéal amháin a mheasúnofar an cumas chun córas cuntasaíochta a oibriú a bheidh de réir nósanna an chórais débhreactha.

Measunófar scileanna cuntasaíochta mac léinn an Ghnáthleibhéil de réir a n-ábaltachta chun:

(a) cuntais mhiondealaithe fáltas agus íocaíochtaí a bhreacadh
(b) roinnt tuisceana a léiriú sa ghaolmhaireacht atá idir iontrálacha sa chuntas agus doiciméid ghaolmhara, m.sh. admhálacha, dearbháin, comhdhuillí, seiceanna, foirmeacha taisce
© cuntas simplí trádála, cuntas brabúis agus caillteanais agus clár comhardaithe a ullmhú
(d) cuntas ioncaim agus caiteachais agus clár cornhardaithe a ullmhú do chlub.

4.3.8 Sonraí a thabharfaí dóibh a thuiscint agus a ainilisiú ag an leibhéal seo d'fhonn:

- na torthaí a thuar is cosúla a thiocfaidh as dálaí áirithe
- gníomhartha cuí a mholadh
- breitheanna meastóireachta a dhéanamh

4.3.9 Cumas a léiriú ar 1uibheanchlár a úsáid go héifeachtach agus go cruinn.

4.3.10 Leibhéal oiriúnach de sci1eanna taighde a léiriú d'fhonn tascanna simplí a chur i gcrích